Oifig Náisiúnta Imdhíonta

Aonaid 8/9 Páirc Gnó
Shráid an Mhainéir, Sráid an Mhainéir Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office

Unit 8/9 Manor Street Business Park, Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
@HSEImm

t 01 8676108
e immunisation@hse.ie

**Cláir Vacsaínithe Bunscoile agus Meánscoile 2022/2023**

A Bhoird Bhainistíochta, a chairde,

Tá FSS an-bhuíoch as an gcomhoibriú leanúnach ó na Boird Bhainistíochta agus ó fhoireann na scoileanna maidir le Clár Imdhíonachta le haghaidh Scoileanna FSS a chur i bhfeidhm chun páistí a chosaint ó ghalair aicídeacha dháiríre.

Táim ag scríobh chugaibh chun uasdátú a roinnt ó FSS maidir le Clár Imdhíonachta le haghaidh Scoileanna arna dtabhairt do Naíonáin Sóisir de chuid bunscoileanna agus do dhaltaí sa Chéad Bhliain de chuid meánscoileanna (agus daltaí ar choibhéis aoise leo atá ag freastal ar scoileanna speisialta) i gcomhair na bliana acadúla 2022/2023.

Aithnímid go raibh dúshláin mhóra roimh na scoileanna ó theacht chun cinn Covid-19, mar sin féin táim ag scríobh chugaibh chun bhur dtacaíocht a iarraidh oraibh chun soláthar clár vacsaínithe ar áitreabh scoile a thabhairt ar ais. Bheifí an-bhuíoch as treoir a thabhairt do bhur mbaill chun oibriú in éineacht le foirne scoile FSS le haghaidh réitigh a aimsiú chun a áirithiú gur féidir le daltaí vacsaíní a fháil.

Léirítear le taighde ó gach cearn den domhan go mbíonn níos mó glacadh le vacsaíní arna dtairiscint do dhaoine in aois scoile ar áitreabh scoile ná vacsaíní arna soláthar lasmuigh den láthair. Agus an tsochaí oscailte anois agus toisc gur atosaigh taisteal beidh páistí faoi phriacal níos mó le bheith i dteagmháil le galair inchoiscthe trí vacsaíniú nó deiseanna a chailleadh chun vacsaíní a fháil. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag páistí a bhfuil galair inchoiscthe trí vacsaíniú á bhforbairt acu ar mhúinteoirí atá ag iompar clainne nó a bhfuil córais imdhíonachta lag acu.

Bheimis buíoch díobh más féidir le scoileanna leanúint ar aghaidh le pacáistí eolais vacsaíne ó FSS a dháileadh ar dhaltaí. Agus foirmeacha toilithe atá comhlánaithe ar fáil is féidir le foirne scoile FSS seisiúin imdhíonachta a phleanáil roimh ré.

Beidh eolas cláir ar fáil ó www.immunisation.ie agus www.hpv.ie i mí Lúnasa má bhíonn eolas breise de dhíth oraibh.

**An tEolas Cláir is Deireanaí**

**Liostaí Ranganna Scoile**

Tá FSS ag obair faoi láthair le comhghleacaithe ón Roinn Oideachais maidir le comhroinnt sonraí de chuid liostaí ranga. é aidhm an tionscadail sin ná cur ar chumas an Chórais Imdhíonachta le haghaidh Scoileanna páistí a cheangal le ranganna áirithe i scoileanna chun críoch cáilíocht sonraí agus glacadh vacsaínithe a fheabhsú.

**Naíonáin Sóisir**

Leanfar ar aghaidh leis an ngnáthteanndáileog vacsaíne 4 i 1 (diftéire, triuch, póilió agus teiteanas) agus an dara dáileog de vacsaín MMR (bruitíneach, leicneach agus an bhruitíneach dhearg) do dhaltaí i Naíonáin Sóisir. Tairgfidh foirne vacsaínithe FSS na vacsaíní sin i mbunscoileanna i ngach cuid den tír seachas i nDún na nGall, i Sligeach agus i Liatroim, áiteanna ina dtugann dochtúirí ginearálta iad ina gclinicí.

**An Chéad Bhliain**

Leanfar ar aghaidh leis na vacsaíní HPV (Papalómaivíreas Daonna), Tdap (Teiteanas, Diftéire agus Triuch) agus MenACWY (Galar Meiningeacocúil) do dhaltaí go léir sa chéad bhliain. Tairgfidh foirne vacsaínithe FSS na vacsaíní sin i meánscoileanna i ngach cuid den tír.

**Ag tacú le daoine ón Úcráin**

Beidh rochtain ag foirne scoile ar ábhar arna aistriú in Úcráinis agus i Rúisis do dhaltaí i Naíonáin Sóisir agus sa Chéad Bhliain i leith na bliana acadúla 2022/2023 dóibh siúd a bhfuil siad de dhíth orthu. Spreagaimid scoileanna chun oibriú le foirne vacsaínithe chun a áirithiú go bhfuil a ndóthain cóipeanna ábhair arna aistriú ar fáil chun tacú le daltaí atá incháilithe le haghaidh vacsaínithe.

**<u>Vacsaíní Eile</u>**

**Vacsaín COVID-19**

Bheimis buíoch díobh más féidir le scoileanna glacadh vacsaíní COVID-19 a spreagadh do chách atá incháilithe. Tá deiseanna fós ar fáil chun bunchúrsa vacsaín COVID-19 a fháil.

Mhol an Coiste Comhairleach um Imdhíonadh Náisiúnta freisin vacsaíní teanndáileoige i gcomhair daoine a bhfuil fadhbanna ar leith acu agus iad siúd atá aois ar leith.

Ní sholáthraítear vacsaíní ar áitreabh scoile. Tá níos mó sonraí lena n-áirítear cén áit is féidir le daoine vacsaín a fháil ar fáil ó www.hse.ie/covid19vaccine


**Vacsaín Fliú**

Cuirfear tús le clár vacsaínithe an fhliú shéasúraigh i mí Dheireadh Fómhair. Bheimis buíoch as bhur dtacaíocht i gcomhair daltaí agus baill fhoirne incháilithe á spreagadh chun an vacsaín thábhachtach sin a fháil.

Beidh sonraí cláir ar fáil ó www.hse.ie/flu níos giorra don lainseáil.

Go raibh maith agaibh uair amháin eile as bhur dtacaíocht i leith clár imdhíonachta le haghaidh scoileanna.

Is mise le meas,



____________________

**An Dr Lucy Jessop**
**Comhairleoir Míochaine Sláinte Poiblí – an Treoir Náisiúnta Imdhíonachta**
**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**MRCN 424447**